Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16388/23**

**AGRI 790**
**AGRIFIN 153**
**AGRIORG 148**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>– Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit<br>– Seisiún tuairimíochta |

Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 10-11 Nollaig 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra ina gcuimsítear achoimre ar rannchuidithe na mBallstát i scríbhinn maidir leis an ábhar thuasluaite agus an cheist a chuir an Uachtaránacht chun an plé a threorú.

**IARSCRÍBHINN**

1. Agus deireadh ag teacht leis an mbliain 2023, tá roinnt Ballstát ag tuairisciú ina rannchuidithe i scríbhinn[1] go bhfuil margaí talmhaíochta an Aontais dúshlánach i gcónaí. D'ainneoin laghdú áirithe a bheith tagtha ar chostas na n-ionchur tábhachtach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tá costas an fhuinnimh, na leasachán agus na beatha fós ard, rud a chuireann brú ar roinnt earnálacha ós rud é gur ar éigean a léirítear an méadú ar chostas sna praghsanna a íoctar le feirmeoirí. Tá roinnt tosca ann atá ag coinneáil na gcorrlach brabúis ón bhfeirmeoireacht agus ioncam na bhfeirmeoirí ar leibhéil ísle i gcoitinne, lena n-áirítear an staid san Úcráin, an moilliú eacnamaíoch domhanda, na forbairtí geopholaitiúla is déanaí sa Mheánoirthear, mar aon leis an adhaimsir agus na teagmhais aeráide, ráigeanna galair ainmhithe agus fadhbanna sláintíochta. Tá roinnt Ballstát ag tuairisciú go bhfuiltear ag éirí as an táirgeadh fiú, go háirithe táirgeadh beostoic, i gcásanna áirithe. Dá bhrí sin, tá an cúnamh ó CBT ríthábhachtach i gcónaí chun slándáil bia an Aontais a choinneáil slán.

2. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás na mbarr curaíochta a raibh costas na n-ionchur a bhain leo agus a fuarthas roimh ré sách ard, ach mar a thug roinnt de na Ballstáit le fios, tá laghdú suntasach tagtha ar na praghsanna a íocadh le feirmeoirí le linn 2023 ar roinnt cúiseanna. Thuairiscigh roinnt de na Ballstáit freisin go raibh laghdú ar an táirgeacht, go háirithe mar thoradh ar an adhaimsir, agus go raibh méadú tagtha ar an iomaíocht ó allmhairí as tríú tíortha. Tá roinnt Ballstát ag tuairisciú go bhfuil fadhbanna leanúnacha ann mar gheall ar insreabhadh mór lastas ón Úcráin agus easpa acmhainn stórála leordhóthanach. Is cosúil go ndearnadh difear freisin do shreafaí trádála seanbhunaithe laistigh den Aontas i gcásanna áirithe. Le linn an phlé a rinne an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht, d'iarr roinnt Ballstát an athuair go gcuirfí deireadh le toirmisc aontaobhacha ar onnmhairí na hÚcráine.

3. Ar an taobh dearfach, thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh méadú fíorbheag tagtha ar phraghsanna bainne agus déiríochta, ach go raibh siad fós faoi leibhéal na bliana seo caite. Thug roinnt Ballstát eile dá n-aire go raibh ar a dtáirgeoirí a mbainne a dhíol ar phraghsanna faoi bhun costais le linn na tréimhse céanna.

[1] 16122/23

4. Go deimhin, tá roinnt Ballstát ag tuairisciú go bhfuil corrlaigh bhrabúis táirgí beostoic eile faoi bhrú freisin, ní hamháin toisc go bhfuil costas na beatha fós ard ach mar gheall ar ráigeanna galair ainmhithe i gcodanna áirithe den Aontas freisin, mar shampla, Fiabhras Afracach na Muc, Fliú na nÉan agus an Víreas Gormtheanga.

5. Tá roinnt Ballstát ag tuairisciú go raibh tionchar suntasach ag an adhaimsir ar na margaí torthaí, glasraí agus barr speisialaithe eile, sa bhreis ar ardchostas an fhuinnimh agus na próiseála, rudaí a laghdaigh brabúsacht a dtáirgthe. Tá na Ballstáit ag tuairisciú freisin go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar thomhaltas fíona agus ar tháirgí orgánacha mar gheall ar, *inter alia*, an moilliú eacnamaíoch agus ar an mboilsciú a chuir iallach ar thomhaltóirí a bhfócas a aistriú ó tháirgí bia úra agus ardluacha eile a cheannach.

6. Thuairiscigh roinnt Ballstát freisin gur chuir an méadú tapa a tháinig ar rátaí úis ualach eile ar an talmhaíocht, go háirithe ar fheirmeacha a ndearnadh infheistiú iontu agus a d'fhás go tapa. Má fhanann na rátaí úis ard ar feadh i bhfad, d'fhéadfadh sé go ligfí deiseanna forbartha talmhaíochta thar ceal.

7. I bhfianaise na faisnéise a chuirtear ar fáil thuas, meastar gur tráthúil plé polaitiúil a reáchtáil a bheidh dírithe ar na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar chorrlaigh agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta san Aontas agus ar ioncam fheirmeoirí na hEorpa. In éineacht leis an bplé ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT, d'fhéadfadh malartú den sórt sin a bheith luachmhar chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus ar na dúshláin thuasluaite ar bhealach tráthúil éifeachtach trí CBT.

8. I ndáil leis sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht a iarraidh ar na toscaireachtaí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo le linn dhíospóireacht na n-airí:

*'I bhfianaise na staide idirnáisiúnta reatha agus na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha, cad iad na príomhthosca atá sainaitheanta ag na Ballstáit a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, ar mhargaí talmhaíochta, ar chorrlaigh agus ar bhrabúsacht fheirmeoireacht na hEorpa?'*